Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

**FTNI 2**

Aicmiú Sonraí R

# Foirm iarratais ar **Cárta Athsholáthair SmartPass do Sheanóirí**

le haghaidh taistil laistigh de Thuaisceart Éireann amháin

## Cad is Cárta SmartPass do Sheanóirí ann?

Úsáidtear cárta SmartPass do Sheanóirí chun a thaispeáint gur féidir leat taisteal saor in aisce laistigh de Thuaisceart Éireann ar sheirbhísí sceidealta a fheidhmíonn Translink agus ní mór é a thaispeáint ar gach turas.

Má tá tú i dteideal Saorthaistil in Éirinn, taispeánfar é seo ar do Chárta Seirbhísí Poiblí (CSP). Is féidir do CSP le Saorthaisteal a úsáid le haghaidh taistil chuig agus ó Thuaisceart Éireann. Ní féidir do CSP le Saorthaisteal a úsáid le haghaidh taistil laistigh de Thuaisceart Éireann, áfach.

## Eolas Tábhachtach:

Seo foirm iarratais le haghaidh:

- **Cárta Athsholáthair SmartPass do Sheanóirí,** má tá do chárta imithe in éag, caillte, goidte, damáistithe nó má d'athraigh tú d'ainm. Cé go bhfuil do chéad chárta SmartPass do Sheanóirí saor in aisce, d'fhéadfadh go mbeadh táille bheag ar chártaí athsholáthair. Coinnigh do chárta SmartPass athsholáthair in áit shábháilte, le do thoil.

**Ní** foirm iarratais í seo le haghaidh:

- Cárta **SmartPass do Sheanóirí** don chéad uair. Chun seo a dhéanamh comhlánaigh an fhoirm FTNI1, ar fáil ó d'Ionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.
- **Cárta Seirbhísí Poiblí** (CSP) nó athsholáthair. Má tá do CSP cothrom le dáta, féadfaidh tú ceann eile a fháil trí ghlao a chur ar Deasc Chabhrach na gCártaí Seirbhísí Poiblí ar **0818 837 000.** Chun CSP a fháil den chéad uair, ní mór duit coinne a chur in áirithe le d'Ionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó ar líne ag **MyWelfare.ie**.
- **Scéim Saorthaistil** in Éirinn. Chun seo a dhéanamh comhlánaigh an fhoirm **FT1** ar fáil ag **www.gov.ie/FT1** nó ó d'Ionad Intreo nó do Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil.

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Seol an fhoirm iarratais chomhlánaithe seo chuig:

**An Rannóg Saorthaistil**
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach
F91 T384

## Conas is féidir liom cabhair agus tuilleadh faisnéise a fháil?

Má theastaíonn aon chabhair uait chun an fhoirm seo a chomhlánú, déan teagmháil le do thoil leis an rannóg Saorthaistil trí ríomhphost ag **freetravelqueries@welfare.ie** nó trí ghlaoch ar **(071) 915 7100** nó **0818 200 400**. Is féidir le d'Ionad áitiúil Intreo, Oifig Leasa Shóisialaigh nó aon Ionad Faisnéise do Shaoránaigh cabhrú freisin. Is féidir leat ainm agus seoladh d'Ionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh a fháil trí chuairt a thabhairt ar **www.gov.ie/intreocentres**

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh chuig **www.gov.ie/freetravel**

## Conas an fhoirm seo a chomhlánú

**Le cuidiú linn d'iarratas a phróiseáil, scríobh litreacha agus uimhreacha go soiléir agus úsáid bosca amháin do gach ceann acu. Féach samplaí thíos.**

## Cuid 1 Do shonraí

1. D'Uimhir PSP: | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | T | |

2. Teideal, cuir isteach **X** nó sonraigh: Uas [ ] Bn [X] Iníon [ ] Eile [ ]

3. Sloinne: M U R P H Y

4. Céadainmneacha: M A U R E E N

**Nóta:** má tá an fhoirm seo á cur isteach agat le haghaidh cárta nua SmartPass do Sheanóirí toisc go bhfuil d'ainm athraithe, cuir isteach cóipeanna den doiciméadú oifigiúil mar chruthúnas. Mar shampla, teastas pósta, Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP), ceadúnas tiomána.

5. Do dháta breithe: 2 8 (L L) 0 2 (M M) 1 9 5 1 (B B B B)

6. Uimhir SmartPass do Sheanóirí, más eol: 1 2 3 4 5 6 7 8 9 1 0 1 1 1 2 1 3 1 4 1

7. Do sheoladh:
1 NEW STREET
OLD TOWN
DÚN na nGALL
Contae: DÚNnanGALL Éirchód: C15A96V

8. D'uimhir theileafóin: 0 8 8 1 2 3 4 5 6 7

9. Do sheoladh ríomhphoist: MMURPHY@WELFARE.IE

SAMPLA

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

**FTNI 2**

Aicmiú Sonraí R

Foirm iarratais ar

# Cárta Athsholáthair SmartPass do Sheanóirí

le haghaidh taistil laistigh de Thuaisceart Éireann amháin

## Cuid 1 Do shonraí

1. D'Uimhir PSP:
2. Teideal, cuir isteach **X** nó sonraigh: Uas ☐ Bn ☐ Iníon ☐ Eile
3. Sloinne:
4. Céadainmneacha:

**Nóta:** má tá an fhoirm seo á cur isteach agat le haghaidh cárta athsholáthair SmartPass do Sheanóirí toisc go bhfuil d'ainm athraithe, cuir isteach cóipeanna den doiciméadú oifigiúil mar chruthúnas. Mar shampla, teastas pósta, Cárta Seirbhísí Poiblí (CSP), ceadúnas tiomána.

5. Do dháta breithe: L L M M B B B B
6. Uimhir SmartPass do Sheanóirí, más eol:
7. Do sheoladh:

Contae Éirchód

8. D'uimhir theileafóin:
9. Do sheoladh ríomhphoist:

## Deimhniú

Má tá do chárta SmartPass Sinsearach imithe in éag déan teagmháil le do thoil le hoifig SmartPass trí ríomhphost ag **smartpass@translink.co.uk** nó trí ghlaoch ar +00 44 289 075 9129.

Deimhnigh, le do thoil, cén rogha thíos a bhaineann leat:

Deimhním go bhfuil mo Chárta SmartPass do Sheanóirí:

☐ caillte; ☐ goidte; nó ☐ damáistithe;

**nó**

Deimhním:

☐ gur bhfuil m'ainm athraithe agus cuirim na doiciméid ábhartha i gceangal leis seo.

Tuigim go ndéanfar mo chárta bunaidh a mhúchadh go leictreonach agus nach mbeidh a thuilleadh úsáide as. Tuigim go bhfuil aon ticéid a cheannaítear agus mé ag fanacht ar chárta SmartPass do Sheanóirí nua neamh-inaisíoctha. ☐ Tuigim ☐ Ní thuigim

## Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas go léir atá tugtha agam ar an bhfoirm seo fíor, cruinn agus iomlán, agus go bhfuil cónaí orm go dlíthiúil agus go bhfuil mé i mo chónaí go buan sa Stát. Tuigim más rud é nach bhfuil aon fhaisnéis a sholáthraíonn mé bréagach nó míthreorach nó má theipeann orm aon fhaisnéis ábhartha a nochtadh, beidh orm aon sochar a fhaighim ón roinn a aisíoc agus go bhféadfar mé a ionchúiseamh. Geallaim go gcuirfidh mé an roinn ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar mo chúinsí a d'fhéadfadh cur isteach ar mo theidlíocht leanúnach.

Dáta: L L / M M / 2 0 B B

Síniú nó marc mura féidir é a shíniú, **ní** ceannlitreacha.

Mura bhfuil tú in ann síniú, bíodh finné agat ar do mharc agus cinntigh go síneoidh an finné thíos:

Dáta: L L / M M / 2 0 B B

Síniú an fhinné, **ní** ceannlitreacha.

**Rabhadh:** Má dhéanann tú ráiteas bréagach nó má choinníonn tú eolas siar, d'fhéadfaí tú a ionchúiseamh agus fíneáil nó téarma príosúnachta a ghearradh ort nó an dá rud.

**Ráiteas um Chosaint Sonraí**

Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí an córas coimirce sóisialaí in Éirinn a riar. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d'íocaíochtaí agus sochair ábhartha a chinneadh. Is féidir sonraí pearsanta a mhalartú le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí eile nuair a dhéantar foráil dó sa dlí. Is féidir teacht ar ár mbeartas um chosaint sonraí ag **www.gov.ie/dsp/privacystatement** nó i gcóip chrua.

Is treoir iad na míniúcháin agus na téarmaí atá in úsáid san fhoirm seo agus ní hionann iad agus léirmhíniú dlí.

00K 07- 22 Eagrán: Lúil 2022